BCI Code of Programme Standards

Broadcasting Commission of Ireland
Coimisiún Craolacháin na hÉireann

Broadcasting Commission of Ireland
2–5 Warrington Place
Dublin 2

Tel: 01 644 1200
Fax: 01 644 1299
Email: info@bci.ie
Web: www.bci.ie

BCI Code of Programme Standards

Contents

	Introduction	p.3
1.	Objectives of the BCI Code of Programme Standards	p.5
2.	Content Principles	p.6
3.	Content Rules	p.8

Introduction

Legislative Basis

The *BCI Code of Programme Standards* has been developed by the Commission in accordance with its statutory obligation and following consultation with a wide range of individuals, industry, government and public bodies. The Code is also informed by a national attitudinal survey on matters pertaining to the taste and decency of programme material and by a review of national and international practice in this area.

Section 19(1) of the Broadcasting Act, 2001, provides that:

The Commission shall, upon being directed by the Minister to do so and in accordance with the provisions of this section, prepare -

(a) a code specifying standards to be complied with, and rules and practices to be observed, in respect of the taste and decency of programme material, the subject of a broadcasting service or sound broadcasting service, and, in particular, in respect of the portrayal of violence and sexual conduct in such material…

Further to Section 19(1)(a), the Commission has developed a Code containing principles and rules which are intended to provide a framework within which broadcasters shall make considered decisions concerning the taste and decency of programme material intended for viewing and listening audiences. The principles and rules contained in the Code are also intended to provide guidance for members of the public concerning the standards they can expect in respect of the taste and decency of programme material.

The avoidance of offence and harm is central to a code that addresses issues of taste and decency in programme material and, therefore, is a key objective of this Code. In order to meet this objective, the Commission has developed a code that acknowledges the range of factors (such as time of day, channel type, provision of audience guidance) that may be taken into account when determining whether programme material is tasteful or decent and/or whether offence or harm may be caused.

Jurisdiction

The *BCI Code of Programme Standards* shall apply to broadcasters within the jurisdiction of the Republic of Ireland or those who make use of a frequency or satellite capacity or up-link situated in the Republic of Ireland. In practical terms, the Code shall apply to RTÉ radio and television services, TG4 and national, regional, local, and community radio and television services licensed further to the provisions of the *Radio and Television Act, 1988* and the *Broadcasting Act, 2001*, including temporary and institutional services (where appropriate). It shall not apply to other services commonly received in this country that are licensed in the United Kingdom or in other jurisdictions.

Compliance

Compliance with this Code will be assessed with reference to the statutory provisions, the provisions of the Code and the procedures, practices and policies of the BCI. Complaints in respect of any alleged breach of this Code will be adjudicated upon by the Broadcasting Complaints Commission (BCC).

Effective Date

This Code comes into effect on the 10th April 2007.

1. Objectives of the BCI Code of Programme Standards

- To promote responsible broadcasting in which entertainment, education and access to information and a range of views are enhanced and offence and harm are reduced.
- To acknowledge the diversity of tastes and interests which exists within viewing and listening audiences and to facilitate broadcasting that caters for this diversity.
- To inform viewer and listener choice.
- To inform viewers and listeners on the standards they can expect from broadcasting services.
- To provide guidance to broadcasters in relation to matters falling within the scope of the Code.

2. Content Principles

2.1 General Community Standards

Programme material shall not offend against commonly held standards considered acceptable in contemporary Irish society.

2.2 Due Care

A broadcaster shall exercise due care by taking all reasonable measures to ensure that viewers and listeners of programme material on its channel/service are protected from undue offence and from harm.

2.2.1 Audience Information and Guidance

Where appropriate, due care shall include the provision by the broadcaster of audience information and guidance using at least one of the following mechanisms:

- The use of prior warnings for programme material which has the potential to offend.
- The operation of a 'watershed', during which time more adult-orientated programme material may be broadcast.
- The implementation of an evaluative or descriptive classification system for programme material.

Audience information and guidance shall be provided in a manner which is clearly visible and audible.

A broadcaster shall regularly promote the audience information and guidance mechanism(s) used on a service. When promoting a watershed as an audience information and guidance mechanism, broadcasters shall specify the times during which it operates.

2.2.2 Identification with Characters, Actions and Personal Circumstances

Broadcasters shall exercise due care when broadcasting programme material containing characters, actions and personal circumstances with which a person may identify. Broadcasters shall exercise particular care when scheduling and broadcasting the following programme material:

- Sexual violence i.e. rape and sexual assault.
- Self-harm (including suicide).
- Reconstructions of factual events and archive footage which may impact adversely on a viewer or listener because of their personal circumstances.

Programme material of this nature shall be accompanied by the provision of one of the three audience information and guidance mechanisms set out in 2.2.1. Broadcasters shall also provide other appropriate information and guidance deemed necessary such as the provision of relevant telephone helpline details.

2.3 Protection for Children

The *BCI Code of Programme Standards* recognises that broadcasters share a responsibility with parents and guardians in protecting children i.e. those under 18 years of age, from exposure to inappropriate and harmful programme material.

To this end, broadcasters shall have due regard to the protection of children when scheduling programme material.

Particular care shall be taken in the following circumstances:

i. When scheduling programme material that is broadcast either side of programmes that are likely to be watched or listened to by children,

ii. When scheduling programme material during school-run times,

iii. When scheduling programme material during school holidays when the viewing and listening patterns of children can change.

2.4 Assessment

Programme material shall be assessed with reference to the principles and rules contained in the Code. The principles are indivisible – that is, all programme material shall conform to all principles.

Broadcasters should be mindful of all the provisions of this Code as programme material may be required to comply with one or more applicable provision.

Programme material shall be assessed in whole and in context. The following contextual factors shall apply:

- Time of broadcast.
- The type of programme.
- The use of audience information and guidance.
- The channel/service type.
- Whether the inclusion of material is editorially justified.
- The likely composition of the audience listening to or watching the programme.

3. Content Rules

3.1 Violent Programme Material

3.1.1 As a general rule, broadcasters shall have due regard to the appropriateness of, and/or justification for, the inclusion of violent content in programming material.

3.1.2 The inclusion of the following violent programme material must have strong editorial justification in a factual context or be justified in the context of the development of a story and/or characters:

- Graphic violence.
- Sexual violence i.e. rape and/or sexual assault.
- Self-harm, including suicide.
- Violence against children.

3.1.3 In programme material featuring sexual violence, the detail of this violence shall be kept to a minimum and such violence shall not be condoned.

3.2 Sexual Conduct

3.2.1 As a general rule, broadcasters shall have due regard to the appropriateness of, and/or justification for, the inclusion of sexual conduct during programme material.

3.2.2 The inclusion of programme material which features detailed scenes of a sexual nature must have strong editorial justification in a factual context or be justified in the context of the development of the story and/or characters.

3.2.3 Programme material featuring sexual relationships between under-aged young people or between an adult and a child shall not encourage such activities or present them as being legal.

3.2.4 Nudity in programme material shall only be broadcast when justified by context.

3.3 Coarse and Offensive Language

3.3.1 As a general rule, broadcasters shall have due regard to the appropriateness of, and/or justification for, the inclusion of coarse and/or offensive language in programming.

3.3.2 Broadcasters shall be alert to, and guard against, the use of coarse and/or offensive language in live programmes.

3.3.3 Recognising that the inappropriate use of names considered sacred or holy by believers may cause serious offence, broadcasters shall take a responsible approach to their inclusion during programming and their inclusion must be justified.

3.4 Persons and Groups in Society

3.4.1 The manner in which persons and groups in society are represented shall be appropriate and justifiable.

3.4.2 Programme material shall not support or condone discrimination against any person or section of the community, in particular on the basis of age, gender, marital status, membership of the Traveller community, family status, sexual orientation, disability, race or religion.

3.4.3 Broadcasters shall take measures to ensure that programme material does not stereotype or stigmatise those people with a disability. Broadcasters shall have particular regard to the treatment of people with a disability in programmes, including the language used during programming. The use of colloquial terms of abuse during programme material shall require strong editorial justification.

3.4.4 Broadcasters shall not make an unwarranted correlation between a criminal act and the mental health of a perpetrator during programme material featuring criminal activities.

3.4.5 Broadcasters shall take measures to prevent undue offence in the treatment of religious views, beliefs or images during programme material. This is not intended to prevent the critical scrutiny of religion.

3.5 Factual Programming – News, Current Affairs and Documentaries

3.5.1 Factual programming shall not contain material that could reasonably be expected to prejudice respect for human dignity.

3.5.2 Factual programming shall not contain material that could reasonably be expected to cause undue distress or offence unless it is editorially justified and in the public interest.

3.5.3 Factual programming shall only emphasise age, colour, gender, national or ethnic origin, disability, race, religion or sexual orientation when such references are justified in the context of the programme or in the public interest.

3.5.4 Factual programming shall ensure that the dead are treated with respect. The moment of death shall not be shown nor shall the dead be shown in close-up, unless, in exceptional circumstances, it may be justified in the public interest.

3.6 Children's Programming

3.6.1 For the purpose of this Code, the term 'Child' refers to any person under 18 years of age.

For the purpose of this Code, the term 'Children's Programmes' refers to programmes that are commonly referred to as such and/or have an audience profile of which over 50% are under 18 years of age.

3.6.2 Graphic violence, strong sexual content and strong coarse language shall not feature during children's programming.

3.6.3 The use of illegal drugs, the abuse of drugs and/or solvents and the misuse of alcohol or tobacco shall not feature in children's programming, unless there is strong editorial justification for the inclusion of such material.

3.6.4 Trailers for adult programming containing material not reasonably regarded as suitable for children shall not be shown immediately before, during or immediately after children's programming.

3.6.5 Children's programming shall not condone anti-social behaviour or encourage others to imitate such behaviour.

3.7 Drugs, Alcohol and Solvent Abuse

3.7.1 Programme material shall not encourage the abuse of drugs and/or solvents or the use of illegal drugs.

3.7.2 Programme material shall not encourage the over-consumption or abuse of alcohol.

3.7.3 Programme material shall not present depictions, either fictional or factual, which detail techniques for the administration of illegal drugs unless there is strong editorial justification for its inclusion.

3.7.4 The use of illegal drugs, the abuse of drugs and/or solvents, smoking or the consumption of alcohol by children shall not be presented in a favourable light.

3.8 Imitative Behaviour

Broadcasters shall avoid the inclusion of programme content which could encourage people to imitate acts which are dangerous or prejudicial to the environment and/or the health and safety of themselves or others.

Cód Chaighdeán Clár BCI

Broadcasting Commission of Ireland
Coimisiún Craolacháin na hÉireann

Coimisiún Craolacháin na hÉireann
2–5 Plás Warrington
Baile Átha Cliath 2

Teil: 01 644 1200
Facs: 01 644 1299
Ríomhphost: info@bci.ie
Idirlín: www.bci.ie

Cód Chaighdeán Clár BCI

Clár

	Réamhrá	p.3
1.	Cuspóirí Chód Chaighdeán Clár BCI	p.5
2.	Prionsabail i leith Ábhair	p.6
3.	Rialacha i leith Ábhair	p.8

Réamhrá

Bonn Reachtach

D'fhorbair an Coimisiún *Cód Chaighdeán Clár BCI* de réir na hoibligeáide reachtúla atá air agus tar éis dó comhairliúchán a dhéanamh le réimse leathan daoine aonair, leis an tionscal, leis an rialtas agus le comhlachtaí poiblí. Chuir suirbhé náisiunta i leith dearcaidh ar ábhair a bhaineann le caoinbhéasa agus cuibheas agus athbhreithniú ar chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta sa réimse sin an Cód ar an eolas chomh maith.

Forálann Alt 19(1) den Acht Craolacháin, 2001, mar seo a leanas:

Ullmhóidh an Coimisiún, ar ordachán ón Aire déanamh amhlaidh agus de réir fhorálacha an ailt seo -

(a) cód ina sonrófar caighdeáin a bheidh le comhlíonadh, agus rialacha agus cleachtais a bheidh le comhall, i leith caoinbhéasa agus cuibhis ábhair clár, is ábhar do sheirbhís craolacháin nó do sheirbhís craolacháin fuaime, agus, go háirithe, i leith foréigean agus iompar gnéasach a léiriú in ábhar den sórt sin…

De réir Alt 19(1)(a), tá Cód forbartha ag an gCoimisiún ina bhfuil na prionsabail agus na rialacha a bhfuil sé i gceist leis an creat a sholáthar a dhéanfaidh craoltóirí cinntí breithnithe maidir le caoinbhéasa agus cuibheas ábhair clár dírithe ar lucht féachana agus ar lucht éisteachta. Tá sé mar aidhm ag na prionsabail agus na rialacha sa Chód treoir a sholáthar do bhaill an phobail maidir leis na caighdeáin gur féidir leo a bheith ag súil leo maidir le caoinbhéasa agus cuibheas ábhair clár.

Rud atá lárnach do chód a thugann aghaidh ar cheisteanna chaoinbhéasa agus cuibhis in ábhar clár is ea déistin agus díobháil a sheachaint, agus, dá bhrí sin, is rud é atá ina phríomh-chuspóir ag an gCód seo. Leis an gcuspóir sin a bhaint amach, d'fhorbair an Coimisiún cód a admhaíonn an réimse tosca (ar nós an t-am den lá, an cineál cainéil, treoir a sholáthar don lucht féachana/éisteachta) a d'fhéadfaí a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh faoi an bhfuil ábhar cláir caoinbhéasach agus cuibheasúil agus/nó an bhféadfadh sé a bheith ina ábhar déistine nó díobhála.

Dlínse

Bainfidh *Cód Chaighdeán Clár BCI* le craoltóirí laistigh de dhlínse Phoblacht na hÉireann nó leosan a bhaineann feidhm as minicíocht nó acmhainn saitilíte nó uas-nasc suite i bPoblacht na hÉireann. Go praiticiúil, bainfidh an Cód le seirbhísí raidió agus teilifíse RTÉ, le TG4 agus le seirbhísí raidió agus teilifíse náisiúnta, reigiúnda, áitiúla agus pobail atá ceadúnaithe de réir fhorálacha an *Achta Raidió agus Teilifíse, 1988* agus an *Achta Craolacháin, 2001*, lena n-áirítear seirbhísí sealadacha agus institiúide (mar is cuí). Ní bhainfidh sé le seirbhísí eile a fhaightear iad go coitianta sa tír seo atá ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe nó i ndlínsí eile.

Comhlíonadh

Déanfar measúnú ar chomhlíonadh an Chóid seo ag tagairt do na forálacha reachtúla, d'fhorálacha an Chóid agus do nósanna imeachta, cleachtais agus beartais BCI. Déanfaidh an Coimisiún um Ghearáin Craolacháin (BCC) breithniú ar ghearáin maidir le sáruithe líomhnaithe ar an gCód.

Dáta Éifeachtach

Tagann an Cód seo i bhfeidhm ar an 10ú Aibreán 2007.

1. Cuspóirí Chód Chaighdeán Clár BCI

- Craoltóireacht freagrach a chur chun cinn lena fheabhsófar an tsiamsaíocht, an t-oideachas agus rochtain ar fhaisnéis agus ar réimse tuairimí agus lena laghdófar ábhar déistine agus díobhála.
- A admháil nach ionann na hábhair spéise agus na hábhair dúile atá ag an lucht féachana agus an lucht éisteachta agus craoltóireacht a éascú a dhéanann freastal ar an éagsúlacht sin.
- An lucht féachana agus an lucht éisteachta a chur ar an eolas maidir leis an rogha atá ar fáil.
- An lucht féachana agus an lucht éisteachta a chur ar an eolas maidir leis na cáighdeáin gur féidir leo a bheith ag súil leo ó sheirbhísí craolacháin.
- Treoir a sholáthar do chraoltóirí maidir le nithe a thagann laistigh de raon an Chóid seo.

2. Prionsabail i leith Ábhair

2.1 Caighdeáin Ghinearálta Pobail

Ní sháróidh ábhar clár na caighdeáin choitianta a meastar iad a bheith inghlactha i sochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann.

2.2 Cúram Cuí

Cleachtóidh craoltóir cúram cuí trí gach beart réasúnta a ghlacadh lena chinntiú go gcosnaítear daoine a éisteann agus a bhíonn ag faire ar ábhar clár ar a cháinéal/seirbhís ó ábhar déistine agus ó dhíobháil mhíchuí.

2.2.1 Faisnéis agus Treoir don Lucht Féachana/ Éisteachta

Mar is cuí, áireofar le cúram cuí go soláthródh craoltóir faisnéis agus treoir don lucht féachana/ éisteachta agus feidhm á baint as ar a laghad ceann amháin de na meicníochtaí seo a leanas:

- Foláirimh a thabhairt roimh ré i leith ábhair clár a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar déistine.
- 'Tairseach' a oibriú gur féidir ábhar clár a chraoladh atá dírithe don chuid is mó ar dhaoine fásta le linn an ama sin.
- Córas meastóireachta nó tuairisciúil a chur i bhfeidhm i leith ábhair clár.

Cuirfear faisnéis agus treoir don lucht féachana/ éisteachta ar fáil ar shlí atá sofheicthe agus inchloiste.

Cuirfidh craoltóirí chun cinn go rialta an mheicníocht/na meicníochtaí faisnéise agus treoir a mbaintear feidhm as/astu ar sheirbhís. Agus tairseach a chur chun cinn acu mar mheicníocht faisnéise agus treoir, sonróidh craoltóirí na hamanna ina mbíonn sé i bhfeidhm.

2.2.2 Ionannas le Carachtair, Gníomhartha agus Cúinsí Pearsanta

Cleachtóidh craoltóirí cúram cuí agus ábhar cláir á chraoladh acu ina mbíonn carachtair, gníomhartha agus cúinsí pearsanta a d'fhéadfadh duine ionannas a dhéanamh leo. Cleachtóidh craoltóirí cúram faoi leith nuair a bhíonn sceidealú agus craolachán á dhéanamh acu ar ábhar cláir ina mbíonn an méid seo a leanas:

- Foréigean ghnéasach i.e. éigniú agus ionsaí gnéis
- Féin-díobháil (féinmharú san áireamh)
- Athchruthaithe de theagmhais fhíriciúla agus píosaí scánnán ó chartlainn a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go diúltach ar bhreathnóir nó ar éisteoir mar gheall ar a gcúinsí pearsanta.

Soláthrófar ceann de na trí mheicníochtaí faisnéise agus treoir atá leagtha amach i 2.2.1 in éineacht le hábhar cláir den chineál sin. Soláthróidh craoltóirí freisin faisnéis agus treoir oiriúnach eile a meastar a bheith riachtanach ar nós mionsonraí maidir le línte chabhrach teileafóin ábhartha.

2.3 Cosaint do Leanaí

Aithníonn *Cód Chaighdeán Clár BCI* go gcomhroinneann craoltóirí an fhreagracht le tuismitheoirí agus caomhnóirí leanaí i.e. iadsan atá faoi bhun 18 bliana d'aois, a chosaint óna nochtadh d'ábhar cláir atá míchuí agus díobhálach.

Chuige sin, beidh aird mar is cuí ag craoltóirí ar chosaint leanaí agus sceidealú á dhéanamh acu ar ábhar clár.

Glacfar cúram ar leith sna cúinsí seo a leanas:

i. Agus sceidealú á dhéanamh ar ábhar a chraoltar roimh nó i ndiaidh clár gur dócha go mbeidh leanaí ag faire orthu nó ag éisteacht leo,

ii. Agus sceidealú á dhéanamh ar ábhar cláir a chraoltar le linn an ama a mbíonn leanaí á dtabhairt ar scoil,

iii. Agus sceidealú á dhéanamh ar ábhar cláir le linn laethanta saoire scoile nuair a athraíonn patrúin faire agus éisteachta leanaí.

2.4 Measúnú

Déanfar measúnú ar ábhar clár ag tagairt do na prionsabail agus na rialacha a n-áirítear iad sa Chód seo. Tá na prionsabail doroinnte – 'sé sin le rá, cloífidh an t-ábhar clár ar fad leis na prionsabail ar fad.

Beidh craoltóirí aireach ar fhorálacha uilig an Chóid seo toisc go bhféadfaí go mbeadh ar ábhar cláir níos mó ná foráil ábhartha amháin a chomhlíonadh.

Déanfar measúnú ar ábhar cláir ina iomlán agus ina chomhthéacs. Bainfidh na tosca comhthéacsúla seo a leanas:

- Am an chraolacháin
- An cineál cláir
- An fheidhm a baintear as faisnéis agus treoir don lucht féachana/éisteachta
- An cineál cainéil/seirbhíse
- An bhfuil cur isteach an ábhair ceart ó thaobh na heagarthóireachta de
- An comhdhéanamh gur dócha a bheidh orthusan a bheidh ag éisteacht leis an gclár nó ag faire air.

3. Rialacha i leith Ábhair

3.1 Ábhar Cláir Foréigneach

3.1.1 Mar riail ginearálta, beidh aird mar is cuí ag craoltóirí ar oiriúnacht agus/nó inchosantacht ábhar foréigneach a bheith in ábhar clár.

3.1.2 Ní mór bonn cirt láidir i gcomhthéacs fíriciúil nó ar bhonn eagarthóireachta a bheith ann chun ábhar foréigneach mar seo a leanas a bheith istigh i gclár nó ní mór dóibh a bheith inchosanta i gcomhthéacs fhorbairt scéil agus/nó carachtair:

- Foréigean ghraifeach.
- Foréigean ghnéasach i.e. éigniú agus/nó ionsaí gnéis.
- Féin-díobháil, féinmharú san áireamh.
- Foréigean in aghaidh leanaí.

3.1.3 In ábhar cláir a bhfuil foréigean ghnéasach ann, coimeádfar mionsonraí na foréigine sin ina híosmhéid agus ní thabharfar cúlcheadú di.

3.2 Iompar Gnéasach

3.2.1 Mar riail ginearálta, beidh aird mar is cuí ag craoltóirí ar oiriúnacht agus/nó ar inchosantacht iompar gnéasach a bheith ann le linn ábhar cláir.

3.2.2 Nuair a bhíonn ábhar cláir ann ina bhfuil radhairc mhionsonraithe ghnéasacha ní mór dóibh sin a bheith inchosanta ó thaobh na heagarthóireachta de i gcomhthéacs fíriciúil nó inchosanta i gcomhthéacs fhorbairt scéil agus/nó carachtar.

3.2.3 I gcás go dtaispeánann ábhar cláir caidreamh gnéasach idir dhaoine óga faoi bhun aoise nó idir aosach agus páiste ní chuirfidh sé gníomhaíochtaí den chineál sin chun cinn nó ní chuirfidh sé in iúl go bhfuil siad dlíthiúil.

3.2.4 Ní dhéanfar nochtacht a chraoladh ach amháin nuair a bhíonn sí inchosanta de réir an chomhthéacs.

3.3 Teanga Gháirsiúil agus Déistineach

3.3.1 Mar riail ginearálta, beidh aird mar is cuí ag craoltóirí ar oiriúnacht agus/nó ar inchosantacht teanga gháirsiúil agus/nó déistineach a chur isteach i gclár.

3.3.2 Beidh craoltóirí airdeallach maidir le húsáid chainte gáirsiúla/déistiní i gcláir beo agus cosnóidh siad ina coinne sin.

3.3.3 Agus iad ag aithint gur féidir le húsáid mhíchuí d'ainmneacha a mheasann lucht creidimh go bhfuil siad diaga nó naofa a bheith ina ábhar fíor-dhéistine, beidh cur chuige freagrach ag craoltóirí i leith iad a bheith i gclár agus ní mór a gcur i gclár a bheith inchosanta.

3.3 Daoine agus Grúpaí sa tSochaí

3.4.1 Beidh an chaoi ina léirítear daoine agus grúpaí sa tsochaí oiriúnach agus inchosanta.

3.4.2 Ní thacóidh ábhar clár le hidirdhealú i gcoinne aon duine nó aon chuid den phobal ach go hairithe ar bhonn aoise, inscne, stádas pósta, gur den Lucht Siúil iad, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, míchumas, cine nó reiligiún nó ní thabharfaidh sé cúlcheadú dó.

3.4.3 Glacfaidh craoltóirí bearta lena chinntiú nach ndéanann ábhar cláir steiréitíopa a shamhlú leis na daoine sin a bhfuil míchumas orthu nó nach ndéanann sé aithisiú orthu. Beidh aird ar leith ag craoltóirí ar an gcaoi a léirítear daoine le míchumas i gcláir, lena n-áirítear an teanga a úsáidtear i gclár. Ní mór d'úsáid téarmaí coitianta maslaitheacha le linn ábhar cláir a bheith inchosanta go láidir ó thaobh na heagarthóireachta de.

3.4.4 Ní dhéanfaidh craoltóirí comhréir gan bharántas idir ghníomh coiriúil agus sláinte aigne dhéantóir coire le linn ábhar cláir a thaispeánann gníomhartha coiriúla.

3.4.5 Glacfaidh craoltóirí bearta le déistin mhíchuí a sheachaint sa chaoi a léirítear tuairimí, creidimh agus íomhánna le linn ábhair clár. Níl sé i gceist leis sin iniúchadh criticiúil ar reiligiún a chosc.

3.5 Cláir Fhíriciúla – Nuacht, Cúrsaí Reatha agus Cláir Faisnéise

3.5.1 Ní bheidh ábhar i gclár fíriciúil a d'fhéadfaí a cheapadh go réasúnta faoi go ndéanfadh sé dochair do dhínit an duine.

3.5.2 Ní bheidh ábhar i gclár fíriciúil a d'fhéadfaí a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh sé ina chúis mhíchuí anacra nó déistine seachas má bhíonn sé inchosanta go réasúnta agus ar leas an phobail.

3.5.3 Ní leagfaidh clár fíriciúil béim ar aois, dath, inscne, bunús náisiúnta nó eitneach, míchumas, reiligiún nó claonadh gnéasach ach amháin nuair a bhíonn tagairtí den chineál sin inchosanta i gcomhthéacs an chláir nó ar leas an phobail.

3.5.4 Cinnteoidh clár fíriciúil go gcaitear leis na mairbh le hómós. Ní thaispeánfar pointe an bháis ná ní thaispeánfar na marbh le seat teann, ach amháin más féidir, i gcúinsí eisceachtúla, é a chosaint ar leas an phobail.

3.6 Cláir do Pháistí

3.6.1 Do chuspóirí an Chóid seo, ciallaíonn an téarma "Páiste" aon duine faoi bhun 18 bliana d'aois.

Do chuspóirí an Chóid seo, ciallaíonn an téarma "Cláir do Pháistí" cláir a dtagraítear dóibh mar sin agus/nó a bhfuil próifíl lucht féachana/éisteachta acu a bhfuil 50% de faoi bhun 18 bliana d'aois.

3.6.2 Ní thaispeánfar foréigean graifeach, ábhar láidir gnéasach agus caint bhéal-láidir gharbh le linn clár do pháistí.

3.6.3 Ní thaispeánfar úsáid drugaí mídhleathacha, mí-úsáid drugaí agus/nó taoslagóirí agus mí-úsáid alcóil nó tabac i gcláir do pháistí, ach amháin má bhíonn siad inchosanta go láidir ó thaobh na heagarthóireachta de.

3.6.4 Ní thaispeánfar réamhbhlaiseadh de chláir do dhaoine fásta a d'fhéadfadh ábhar a bheith ann nach mbreathnófaí go reasúnta air mar ábhar a bheadh oiriúnach do pháistí díreach roimh, le linn, nó díreach i ndiaidh clár do pháistí.

3.6.5 Ní thabharfaidh clár do pháistí cúlcheadú d'iompraíocht frith-shóisialta nó ní spreagfaidh sé daoine eile chun aithris a dhéanamh ar iompraíocht den chineál sin.

3.7 Mí-úsáid Drugaí, Alcól agus Tuaslagóirí

3.7.1 Ní chuirfidh ábhar cláir mí-úsáid drugaí agus/nó tuaslagóirí nó úsáid drugaí mí-dhleathacha chun cinn.

3.7.2 Ní chuirfidh ábhar cláir ól iomarcach nó mí-úsáid alcóil chun cinn.

3.7.3 Ní thaispeánfaidh ábhar cláir léirithe, ficseanúil nó fíriciúil, a dhéanann mionsonrú ar theicnící chun drugaí mídhleathacha a ghlacadh ach amháin má bhíonn inchosantacht laidir ann ó thaobh na heagarthóireachta de dá gcur isteach.

3.7.4 Ní thaispeánfar ar bhealach atá fabhrach leanaí ag úsáid drugaí mídhleathacha, ag mí-úsáid drugaí agus/nó tuaslagóirí, ag caitheamh tabac nó ag ól alcóil.

3.8 Iompar Aithriseach

Seachnóidh craoltóirí ábhar a chur i gclár a d'fhéadfadh daoine a spreagadh chun aithris a dhéanamh ar ghníomhartha atá contúirteach nó díobhálach don chomhshaol agus/nó do shláinte agus do shábháilteacht na ndaoine sin nó daoine eile.